

TOGHA NA hÉIGSE 1700-1800*

6. *Mo léansa an galar so shearg mé i sírghéibheann*
(Séamas Beag Mac Coitir)

S mbliana déag d'aois a bhí Séamas Mac Coitir—é fós ina leanbh, dar leis (v. 12)—nuair a chum sé an laoi léannta seo ‘ag caoine éagcomhlainn Éireann’. Tá a chúrsaí aoise luaite sna ceannscríbhinní a ghabhann leis an téacs sna lámhscríbhinní ar fad nach mór; agus cé nach bhfuil tagairt don tsuim de bhlianta san fhilíocht féin, tá leide a thacaíonn leis an gceannscríbhinn le fáil sa mhéid gur seacht gcinn déag (17) de véarsaí atá sa téacs. Maidir leis an údar, ba dhuine é de bheirt den ainm céanna, athair agus mac, a shaothraigh léann agus litríocht na Gaeilge i gCurrach Diarmada laistea de Chaisleán Ó Liatháin, Co. Chorcaí, sa tréimhse idir 1730 agus 1780. Ach tá sé tugtha faoi deara cheana i dtéacsáí ar cuireadh eagar orthu sa tsraith seo agus a bhfuil ainm Shéamais Mhic Coitir leo nach i gcónaí is féidir filíocht le duine den mbeirt acu thar an duine eile a aithint óna chéile, go háirithe an fhaid a théann dánta a cumadh roimh c. 1762.¹ Ní mar sin atá sa chás láithreach, áfach, mar is Séamas ‘beag’ nó Séamas ‘óg’ an t-ainm atá luaite sna ceannscríbhinní a ghabhann le dhá cheann de na cóipeanna (gan spleáchas ar a chéile).² Ar an mbonn sin is féidir talamh slán a dhéanamh de, is dóigh liom, gurb é an té a chum *Mo léansa an galar so* ná Séamas ‘Beag’, ar mhac dearthár é don fhile aithnidiúil Uilliam Rua Mac Coitir (+ 1738).

Tá gaol Shéamais Bhig lena uncail deimhnithe i dtagairt d’Uilliam Rua mar ‘dhreatháir m’athar’ i ndán gairid a chum sé ar a bhás, *Mo ghearán glacaidh is measaidh air méad mo liach* (4 v.). Tháinig an dán sin anuas i dhá chóip, ceann acu síolraithe ón gceann eile is cosúil. Sa lámhscríbhinn is sine díobh, A iv 2 (a scríobh Séan do Niadh i Mo Chromtha, Co. Chorcaí, idir

*Do dhánta eile sa tsraith seo feic *Éigse* 26 (1992) 93-104; 27 (1993) 120-21; 28 (1994-5) 135-37; 31 (1999) 103-20; 34 (2004) 141-70.

¹Tá tagairt do cheisteanna údarachta déanta i gcás na ndánta seo leanas atá in eagar: (1) *Fáilte óm chroí le báb na milse* (1736) in eagar ag P. A. Breatnach, ‘Dhá dhuain leanbaíochta’ *Éigse* 22 (1987) 111-23 (ag 111-117) (feic go háirithe lch 112 agus n. 10); (2) *Ní cogadh ná cargaill fhada idir airdríthibh* (1741) (‘Togha na hÉigse 1700-1800, 2’ *Éigse* 27 (1993) 120-21); (3) *Bámse suirgheach le saothibh* (1762) in eagar ag Breandán Ó Conchúir, ‘Comhfhreagras sa deibhidhe ón mbliain 1762’ in *Téada dúchais. Aistí in ómós don Ollamh Breandán Ó Madagáin*, eag. Máirtín Ó Briain agus Pádraig Ó Héalaí (Cló Iar-chonnachta, Indreabhán, 2002) 273-94 (maidir le Séamas ‘Beag’ feic go háirithe lch 292 n. 2). Bhí dul amú ar Dhiarmuid Ó Murchadha, *Family names of County Cork* (Glendale Press, Co. Dublin, 1985) 264, nuair a d’ainmnigh sé Séamas Óg Mac Coitir (a crochadh 1720) mar údar leis an dán seo againne.

²Na lámhscríbhinní B agus E faoi seach. Ní heol dom cén t-údarás lámhscríbhinne atá le ‘Séamas Mór’ a bheith á thabhairt mar ainm ar an athair ag scríbhneoirí na linne seo go minic. Dá chomhartha sin, feic na focail ag tagairt do Shéamas Beag atá luaite níos faide síos ina gcomhthéacs as ceannscríbhinn le dán áirithe in Egerton 141, viz. ‘Seamus mor Mac Coitir gidh gairmthear beag’ (feic thíos n. 9).

1750-57) tá an mharbhna le fáil i gcuideachta an dáin atá in eagar thíos (ar lgh 73b, 71a, faoi seach). Tá ceannscríbhinn ag gabháil leis an marbhna ann atá luachmhar ina cáilíocht féin mar gheall ar an bhfaisnéis ar adhlacadh Uilliam Mhic Coitir a thugtar inti, mar seo leanas:

‘Séamus Mac Coitir .cc. air bhás Uilliam Mhic Coitir, ag scríobh chum Dáibhi Í Bhriain go Cuntae Luimnighe, an lá d’éis Uilliam d’adhlacadh an 15 lá do Iúil 1738.’³

D’fhoilsigh ‘Fiachra Éilgeach’ (Risteárd Ó Foghludha) an mharbhna bheag ina chnuasach *Cois na cora* (1937), uimh. 27, ach ní hí an chóip is sine a bhí aige chuige, ach cóip a scríobh Peadar Ó Longáin sa lámhscríbhinn M 7 (Maigh Nuad).⁴ Tá an téacs a thugann an fhoinse sin mar a chéile le téacs na cóipe is sine, faoi bhun cúpla dearmad atá thall is abhus agus giorrú a bheith déanta inti ar an gceannscríbhinn (viz. ‘Seamus mac Coitir ar bhas uilliam ruadh mic coitir cct’ M 7, lch 5). D’athraigh Ó Foghludha an teideal sa leagan foilsithe, áfach, agus chuir sé ‘Beag’ le hainm an údair agus chuir frása uaidh féin isteach á rá gur ‘seacht mbliadhna déag do bh’aos do Shéamus an tráth san’.⁵ Is é atá aige mar chuntas ar an bhfile i dtosach an leabhair ná é seo: ‘I mbliadhain 1721 do rugadh Séamus Beag, agus fágann san ná raibh sé acht seacht mbliadhna déag d’aois nuair a cailleadh an t-úncail i mbliadhain a 1738’.⁶ Is é is dóichí ná gur ón gceannscríbhinn a ghabhann le *Mo léansa an galar so*, ag tagairt d’aois an fhile, a thóg Ó Foghludha an bhreis chuntais sa dá chás faoi seach, agus gur trí bhotún a chuir sé le chéile é le bliain chumtha na marbhna. Níorbh fhiú é a lua in aon chor anseo mar scéal, muna mbeadh go bhfuil an mearathal céanna le tabhairt faoi deara i scríbhinn is sine ná *Cois na cora* leis an bhfear céanna, agus é dulta i bhfeidhm ar scéal an fhile Séamas ‘Beag’ ó shin i leith. Deich mbliana fichead sular tháinig a chnuasach d’fhillíocht Uilliam Mhic Coitir amach sholáthair ‘Fiachra Éilgeach’ caibidil bheag ar ‘Fhilí Chorcaighe’ sa bhfoilseachán *Saothar suadha* (1907/08), agus ag trácht dó ar ‘Shéamas Mac Coitir’ ansin deir sé (gan aon fhoinse a lua leis) gur ‘i mbliadhain a 1721 do beireadh é, agus do cheap sé amhrán breágh sar a raibh sé an seacht déag slán, ar bhás Liam Ruadh’.⁷ Ní foláir nó b’í an tuairisc sin faoi deara do Robin Flower an dáta breithe céanna a lua le ‘Séamas beag’ scór éigin blianta níos faide ar aghaidh, i gclár na lámhscríbhinní Gaeilge

³A iv 2, lch 73b. Tá deimhniú ar chruinneas an dáta adhlactha le fáil ó dháta báis an fhile Uilliam Rua a thugtar in inscríbhinn ar leac os cionn a uaigne a bhfuil cuntas tugtha uirthi ag Liam Ó Buachalla, ‘Gravestones of historical interest at Britway, Co. Cork’ *JCHAS* 68 (1963) 102-3. Mar seo a ghabhann an inscríbhinn: ‘Here lyeth the body of Willm. Cotter alias Roe who departed this life the 12th of July 1738 aged 63’ (lch 102). Níl aon chuntas aimsithe agam ar fhear Luimní atá luaite sa nóta lámhscríbhinne (Dáibhi Ó Briain).

⁴Risteárd Foghludha, *Cois na cora .i. Liam Ruadh Mac Coitir agus a shaothar fileata* (Baile Átha Cliath 1937) uimh. 27, lch 75.

⁵Ibid. 75.

⁶Ibid. 10.

⁷*Saothar Suadha. Cuid a haon. Aistí do léigheadh os comhair Dáil na hÉigse i gCorcaigh, Meadhón Foghmuhair, 1907* (1908) 36.

i Músaem na Breataine, ach gan foinse na tagartha a chur síos; agus ghlac scoláirí eile leis ina dhiaidh sin.⁸

A fhaid ar a ghiorracht más ea níl aon leide dáríribh in aon cheann de na teidil dár tagraíodh maidir le cathain a saolaíodh Séamas ‘Beag’ Mac Coitir.⁹ Agus mar gheall air sin ní lú ná mar a chabhraíonn siad chun a shocrú cathain a cumadh *Mo léansa an galar so*.¹⁰ Chun dul amach ar an gceist sin ní foláir díriú ar an dán féin.

Téama agus dáta

Is é is téama dó an léirscris atá déanta ag an bhforlámhas Gallda agus ag daorsmacht na bPéindlithe ar chine Gael. Ó thagairt an fhile do Shéamas Óg (mac Shéamais) Mac Coitir ó Bhaile na Speire a crochadh i gCorcaigh i mBealtaine 1720 (v. 9, agus an nóta léirmhíthe a ghabhann leis),¹¹ is léir gur i ndiaidh na bliana sin a cumadh é. Tá *terminus ante quem* ar fáil sa véarsa deireanach, mar a bhfuil dóchas luaite as an Sean-Phretender Séamas III. Fuair seisean bás sa bhliain 1766, ach gan dabht b’fhada roimhe sin ó bhí aon tsúil in Éirinn a thuilleadh lena chabhair. Tá a rian ar an gcur síos a thugann véarsaí áirithe ar ghéire na bPéindlithe (vv. 13-14) go raibh gach cosc a bhain

⁸Robin Flower, *Catalogue of Irish manuscripts in the British Museum* ii (1926) 231: ‘Séamus beag Mac Coitir was the son (born 1721) of Séamus Mac Coitir, brother of Uilliam ruadh Mac Coitir, the Castlelyons poet . . .’. Ag trácht atá sé ar údar an dáin *Bímse suirgheach le saothibh* in Egerton 141 (feic thuas n. 1). Tá ainm an údair deimhnithe sa cheannscríbhinn a bhaineann leis an téacs a cumadh mar fhreagra air is a leanann é sa lámhscríbhinn, agus atá curtha síos do Chonchubhar Ó Dálaigh, tos. *Iomhain linn saothar na suadh*; mar seo atá an cheannscríbhinn: ‘Conchubhar Ó Dála cct. dá charaid rothairise Seamus mor Mac Coitir gidh gairmthear beag an treas la d’Feabhra 1762’. Tá an péire dánta sin curtha in eagar ag Ó Conchúir, ‘Comhfhreagras sa deibhidhe ón mbliain 1762’; sa chur síos dó ar Shéamas (Beag) Mac Coitir (lgh 275-76) glaccann an t-eagarthóir leis an dáta breithe atá tugtha ag Ó Foghludha in *Cois na cora* (lch 275).

⁹Tá fianaise ann, áfach, go raibh sé fós ina bheathaidh tuairim na bliana 1780. Tá sé luaite i nóta a scríobh Donnchadh Ó Floinn sa lámhscríbhinn Maigh Nuat B 11 (*D* thíos) ag tagairt dá fhear aitheantais féin Éamonn Ua Mathghamhna (scríobhaí *E*), a deir sé a bhí ina ‘chumann et ina charaid díonghbhalta’ ag Séamas Mac Coitir um an mbliain 1780 (cf. Pádraig Ó Fiannachta, *Clár lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig Má Nuad* fasc. vi (Má Nuad 1969) 91-92). Ach tá deacracht ag baint leis an bhfaisnéis sin a thabhairt le chéile le heolas eile ó Éamonn Ua Mathghamhna féin i bhfoirm nóta óna láimh i ndiaidh na cóipe de *Mó léansa an galar so* sa lámhscríbhinn G 430 (= *G* thíos, feic l. 68 malairtí, agus Nessa Ní Shéaghda, *Catalogue of Irish manuscripts in the National Library of Ireland* fasc. ix (Dublin 1986) 85-86), á rá go bhfuil dóchas aige ‘tuille dá shaothar’ (de bhreis ar an dán atá in eagar anseo, is é sin) a fháil; níl éinní san fhloclaíocht aige a chabhródh chun an dealú a dhéanamh idir saothar an athar agus an mhic. Táim ag súil le deis a bheith agam ar phlé níos iomláine a dhéanamh ar an dealú eatarthu amach anseo.

¹⁰Tá an bhliain ‘1737’ luaite mar dháta leis an téacs i gcóip amháin a cuireadh chun tairbhe agus an téacs seo á chóiriú, viz. 23 C 8, lch 49 (C) – ceann de phéire nach dtagraíonn d’aois an fhile in aon chor (feic thíos lch 12). Dá ngéillfí don méid sin d’fhágfadh sé gur sa bhliain 1720 a saolaíodh Séamas ‘Beag’. Ach is í lámh Mhíchíl Óig Uí Longáin atá sa lámhscríbhinn agus is féidir a thabhairt faoi deara nach mbíonn teist an chruinnis le dátaí a luann an scríobhaí áirithe sin go minic. Dá chomhartha sin, féach go bhfuil an bhliain ‘1737’ luaite sa lámhscríbhinn chéanna aige le cóip den dán iomráiteach *Aisling ghéar do dhearcas féin* (Aogán Ó Rathaille, †1729) (cf. Caoimhín Breatnach, ‘On the transmission, text and authorship of the poem “Mac an Cheannaí”’ *Éigse* 36 (2008) 113-31 (ag 118)). Ina dhiaidh sin is uile, mar is léir ó fhianaise inmheánach atá fós le plé, ní gá go mbeadh an dáta atá curtha síos ag an Longánach i bhfad ón gceart.

¹¹Dá thuairisc feic na nótaí téacsúla (Nóta (36), lch 20).

le gnómhú na gCaitliceach sna gairmeacha beatha i bhfeidhm fós;¹² agus d'fhágfadh sin gur dáta roimh dheireadh an dara ceathrú den ochtú haois déag, ar a dhéanaí, a bheadh oiriúnach le lua leis an saothar.¹³ Tá tagairt an fhile do Chaiseal Mumhan mar chathaoir na hairdeaspagóideachta (v. 4, maraon le nóta léirmhínte) ag teacht go ginearálta le dátú mar sin, viz. 'Caiseal gan mharthain gan phuinn scléipe'. Mar faid a rialaigh an tArdeaspag Criostóir Buitléar (Christopher Butler) sa deoiseas sin (1711-57) bhí bac air ó chónaí i mbaile Chaisil, agus uair nó dhó idir na blianta 1740-45 b'éigin dó dul ar a choimeád i gcró folaigh fiú amháin.¹⁴ Níl aon fhianaise bun os cionn le dáta éigin sa tréimhse ráite le fáil ach oiread in aon chuid eile de chaint an fhile ag trácht ar sheilbh na nGall ar na tailte Gaelacha (v. 12); ionnarba agus teicheadh na ndaoine thar sáile (vv. 11, 14); an chéim síos don éigse (vv. 6, 10); agus ceannas an Bhéarla sna bailte (vv. 10, 15). Mar sin féin, tá pé dáta ar a socrófar maidir leis ag brath ar deireadh ar cheist bhreithiúntais. Ó thagairt an fhile do chrochadh an Choitirigh óig (1720) b'fhéidir gur dóichí ná a mhalairt gur uair éigin in imeacht na mblianta go gairid i ndiaidh na heachtra sin, nuair ba threise a mhair cuimhne uirthi beo i measc daoine, is fear a d'oirfeadh a lua lena chumadh.

Cineál liteartha, múnlaí

Tá stádas faoi leith ag baint leis an bpíosa seo sa stair liteartha ar chúiseanna éagsúla. Tá an t-eolas a luadh cheana maidir le haois an fhile nuair a chum sé é eisceachtúil, mar shampla; go bhfios dom is é an t-aon chás amháin é a tháinig anuas ina bhfuil a leithéid d'fhaisnéis phearsanta ag tagairt d'fhile le fáil. Gné eile atá suaithinseach is ea a bhfuil de sheanchas léannta fite tríd an áiteamh polaitiúil agus gléas nótaí léirmhínteacha ag gabháil leis ag tagairt d'fhoinse agus do chúlra na n-ábhar atá luaite sa véarsaíocht. Is féidir a bheith deimhnitheach gurb é an file féin a sholáthair an ghluais, mar is amhlaidh atá sí le fáil sa chuid is mó agus is ársa de na lámhscríbhinní—na nótaí scríofa ar imill na leathanach i lámhscríbhinní áirithe agus i mbun na leathanach i gcuid eile. Cruthú eile ar a údaracht is ea an mianach a bhaineann leis na nótaí féin sa chomhthéacs, sa mhéid is go mbeadh sé deacair don ghnáthléitheoir, i gcás nó dhó pé scéal é, dul amach ar na tagairtí atá i gceist sa véarsaíocht in éagmais na nótaí céanna.¹⁵ Tá múnla á leanúint sna nótaí léirmhínteacha seo ar féidir a phréamhacha a rianú siar go dánta polaitiúla

¹²Cf. W. E. H. Lecky, *A history of Ireland in the eighteenth century* i (London 1913) 142 seq.

¹³Cf. Maureen Wall, *The penal laws, 1691-1760* (Dublin Historical Association, Irish History Series No. 1 (1961)) 66 ('they [i.e. "popery laws relating to the exercise of religion"] had by 1745 fallen into desuetude'); Lecky, *A history of Ireland in the eighteenth century* i 269 ('After 1744 the condition of the Catholics greatly improved'). Níor thosnaigh an Phairlimint ar aon chuid de na Péindlithe a chealú go reachtúil go dtí tús ré Rí Seoirse III (1760), dar ndóigh; cf. Alphons Bellesheim, *Geschichte der katholischen Kirche Irlands* i-iii (Mainz 1891) iii 135 seq., agus T. W. Moody, W. E. Vaughan, *A new history of Ireland iv: Eighteenth-century Ireland 1691-1800* (Oxford 1896) 203.

¹⁴Wall, *The penal laws* 41, 49.

¹⁵San áireamh tá an tagairt don Choitreach óg, mar gur sa ghluais amháin atá a ainm sin luaite (Nóta (36)); agus an nóta léirmhínte a ghabhann le l. 68 (Nóta (68)) (féach tuilleadh cur síos ar lch 8).

áirithe ón seachtú haois déag le Dáibhí Ó Bruadair, mar a chífear ar ball beag; chomh fada lem eolas is beag má tá aon ‘laoi léannta’ (l. 16) eile dá leithéid tar éis teacht anuas chugainn ón ochtú haois déag.

Cursaí aithrise

Ní hionadh go mbeadh rian aithrise le fáil ar mhúnlaí liteartha roimhe i saothar aon fhile chomh hóg leis. Tá an ghné sin le haithint ar an gcéad dul síos sa phátrún meadarachta a tharraing Mac Coitir chuige. Sid é an comhdhéanamh (idir rithim agus amas) atá ar na línte ann ó thús deireadh:

— |é — |a — — |a — — í |é —¹⁶

Dán cáiliúil atá ar comhphatrún leis sin díreach nach mór is ea *Is léan leam leagadh na bhflatha is na bhfforuaisle* (16 v.), a chum Tadhg Ó Duinnín agus a bhfuil cóip de tagtha slán i lámhscríbhinn a scríobh an t-údar féin dar dáta an bhliain 1705.¹⁷ Tá téacs an dáin i gcló mar chuid de thuairisc a sholáthair L. C. Stern ar an lámhscríbhinn i dtosach an chéid seo d’imigh tharainn (1905),¹⁸ agus ar scáth na comparáide seo thíos an chéad véarsa de sa riocht inar foilsíodh é ón autograf. (Níl de dhifríocht i gcúrsaí meadarachta idir é agus dán Shéamais Bhig ach an guta amais deireanach.)

Tadhg ua Duinnín cct.

As léan leam leaga na bhflatha is na bhfforuaisle
bhféasdach bhfreasdalach bhfleasgchupach bhfíonchuachach,
do bhéaradh fearann dom’ amhuilse faoi dhualgus
saor ó shrathaibh, gan tagairt ar chíos uainne.

Tá an t-ionannas foirme idir é agus *Mo léansa an galar so dearbhaithe* i riocht macalla thosaigh sa chéadlíne (‘As léan leam’ / ‘Mo léansa’). Ach lasmuigh den ghaol foirme agus foclaíochta tá mórchosúlachtaí eile idir an dá théacs a bhaineann le téama agus le leagadh amach an ábhair. Dán polaitiúil is ea an ceann le Ó Duinnín a chum sé tar éis chogadh an dá rí agus i ndiaidh do Rí Séamas II a bheith ‘airgthe a Breatain’ (v. 2). Tá an file ag labhairt ina cháilíocht mar bhall den lucht léinn traidisiúnta—ollúna le seanchas ab ea a mhuintir—a raibh príbhleáid áirithe dlite dóibh sa tseansaol (l. 3 thuas).¹⁹ Is é is cás leis agus an ní is mó a thugann substaint dá ghearán polaitiúil sa dán tríd síos ná scríos na dteaghlach uasal idir Ghaeil is Ghail. Tá áireamh orthu sin as a n-ainmneacha sa chéad leath den dán, na Cárthaigh agus príomhtheaghlai eile na Mumhan ar dtuais (vv. 3-8); agus na teaghlai Ultacha agus Laighneacha ina ndiaidh (vv. 9-10). Tá an dara cuid de dírithe ar chur síos fileata

¹⁶Tá tagairt déanta do roinnt tréithe foghraíochta sna nótaí téacsúla.

¹⁷Tháinig scata mór cóipeanna déanacha de anuas á theaspaint go raibh meas mór ag scríobhaithe air.

¹⁸L. C. Stern, ‘Über eine Handschrift Teig O’Dinneens’ *ZCP* 5 (1905) 535-40 (ag 538-39); an lámhscríbhinn (a bhí tráth i seilbh Osborn Uí Aímhirgín) cláraithe anois ag Tomás Ó Con Cheanainn in *RIA Cat.* 3538-40 (23 0 72, uimh. 1381).

¹⁹Tá muintir Dhuinnín luaithe mar lucht seanchais sa téacs atá curtha in eagar ag James Carney, ‘De scriptoribus hibernicis’ *Celtica* 1/1 (1946) 86-110 (lch 91, l. 112).

ar thoradh an scriosta atá déanta (vv. 11-14); agus tá paidir mar chríoch leis maraon le véarsa ceangail (scríofa isteach níos déanaí ná an chuid eile san autograf)²⁰ ag tagairt do chás léanmhar an fhile féin go pearsanta (vv. 15-16).

Tá struchtúr an-chosúil leis sin ag baint leis an dán le Séamas Beag, é ina dhá chuid mar an gcéanna. Pléann an chuid tosaigh le scrios na dteaghlach uasal i Leath Mhogha (na Cárthaigh luaite ar dtúis, v. 2) (vv. 1-3/4), agus i Leath Choinn, san ord sin (vv. 5-7); ansin tá ceannas na gCoitireach, a chine féin, luaite (v. 8), agus tagairt fuaite isteach as a dhiaidh sin do chrochadh an Choitirigh óig (v. 9). Tráchtann an dara cuid ar chúrsaí na haimsire agus ar na Péindlithe (vv. 10-15); agus leanann, ag deireadh, (i) an phaidir ina gceistítear an tairngreacht ('A Dhé cá fada etc.' (v. 16)—tá macalla sna focail tosaigh ó thosach an véarsa ag freagairt dó i ndán Uí Dhuinnín, viz. 'A Dhé na n-apstal etc.'),²¹ agus (ii) véarsa ceangail ag fógairt cúis dóchais mar a luadh ó chianaibh mar fhocal scoir (v. 17). Seasann an rann ceangail amach ar leithligh i ndán Shéamais Bhig de bharr an teidil atá curtha leis aige ('Teagasc agus freagra an fhir chéadna air féin annsna ceastaibh-se'), agus tá casadh cliste bainte aige as an múnla a fuair sé roimhe sa cheangal le dán Uí Dhuinnín, sa mhéid is gur le hábhar dóchais seachas lena mhalairt atá an clabhsúr á dhéanamh ag an bhfile óg.

Dán eile atá ar aon dul i gcúrsaí meadarachta nach mór le *Mo léansa an galar so* is ea *Do fearadh a flaitheas tré peaca na prímhfhéinne* le Dáibhí Ó Bruadair, ina gcuirtear síos (i bhfocail an údair atá mar theideal leis sna lámhscríbhinní) 'Suim Purgadóra bhFear nÉireann ón mbliadhain 1641 gusan mbliadhain 1684'.²² (Níl de dhifríocht i gcomhdhéanamh na línte idir an péire ach an fhoirm |a — — in áit |é — a bheith i dtosach na líne ag Ó Bruadair.) Seo ceann de na dánta le Ó Bruadair a ngabhann sraith fhada de nótaí léirimhínithe ón údar féin (i mBéarla den chuid is mó) san imeall lena lán de na véarsaí sna cóipeanna éagsúla. Is é atá mar chuspóir leo treoir a thabhairt—'a running analysis' mar atá ráite ag S. H. O'Grady—ar na príomheachtraithe stairiúla a bhfuil taifead sa dán orthu ón am sular maraíodh Rí Séarlas II (1649) anuas go dtí aimsir an 'Popish Plot'.²³ Sórt trealaimh léannta mar é sin, leis, is ea a chuir Séamas Beag Mac Coitir roimhe a sholáthar, ach ar scála i bhfad níos lú, i riocht na nótaí a chuir sé le *Mo léansa an galar so*. Agus níorbh ionadh é,

²⁰Cf. Stern, 'Über eine Handschrift Teig O'Dinneens' 540.

²¹Tá béim leagtha ar an macalla ag an bpointe seo sa téacs trí chor meadarachta (feic na nótaí téacsúla l. 61).

²²John C. Mac Erlean, *Duanaire Dháibhidh Uí Bhruidair* iii (London 1917) 12-23 (uimh. 6).

²³Cf. S. H. O'Grady, *Catalogue of Irish manuscripts in the British Museum* i (London 1926) 551; tá liosta iomlán de na nótaí i gcló ibid. 551-2. Tá an achoimre seo leanas ag Mac Erlean, *Duanaire* iii 12-13: 'Numerous marginalia, mostly in English, summarize the different events treated of in the poem, viz., the revolution of the Parliamentary Party, the murder of King Charles I; the devastations, proscriptions, confiscations, imprisonments and transplantations under Cromwell; the fidelity of thousands of Irish loyalists who accompanied King Charles II during his exile; their subsequent exclusion from the benefits of the Restoration; the persecution occasioned by the pretended Popish Plot; the execution of the Earl of Stafford and others, the King's most faithful adherents; and, finally, the attempt made by those who organized or favoured the false witnesses to prove their horror of the Plot and their friendliness to its victims after its failure.'

i bhfianaise an ionannais mheadarachta atá eatarthu, dá mbé ‘Suim Purgadóra bhFear nÉireann’ a bhí mar cheannlíne aige le haghaidh na hoibre áirithe sin.

Stíl agus cáilíocht

Dhá dhán d’ardcháilíocht liteartha a thuill meas ina ré féin agus atá eiseamláireach i stair na filíochta polaitiúla idir dhá ghlúin sa tréimhse c. 1684-1705 is ea na dánta le Ó Bruadair agus le Ó Duinnín. Baineann saothar Shéamais Bhig leis an nglúin a lean iad, agus cé nach raibh an Coitireach ach ‘a n-aois, beagnach, a leanabuífgeachta’ (mar a deir foinse amháin),²⁴ is léir ón líon cóipeanna a tháinig anuas go raibh meas maith ag scríobhaithe ar *Mo léansa an galar so*. Ní nach iontach, tá rian den mheathlú a bhí ag dul ar aghaidh ó ghlúin go chéile i saol an léinn fágtha ar mhianach an tsaothair, an fhaid a théann téagar an chur síos agus cáilíocht na cainte, i gcomparáid leis an dá shaothar roimhe. Ach is dán dea-dhéanta é ar a shon sin mar is féidir a aithint go háirithe ó fheabhas an chur le chéile atá i gcóir ann. Mar bíodh is go bhfuil an struchtúr ag freagairt ar an mórgóir do dhán Thaidhg Uí Dhuinnín, mar a léiríodh, tá a stampa féin curtha ar an gcomhdhéanamh ag Séamas Beag i slite tábhachtacha. Mar shampla, ag pointe lárnach mar a dtagann deireadh le caoine na bpríomhtheaghlach Gaelach tréigeann sé an múnla chun stair uasal a mhuintire féin, na Coitirigh (v. 8), a fhí isteach, agus tá sin nasctha sa chéad véarsa eile le tagairt d’fhear a chomhainm a cuireadh chun báis ar an gcroch (v. 9); tá lua ina dhiaidh sin ar shliocht clúiteach eile de na Sean-Ghaill, na Gearaltaigh (‘groíGhréagaigh’) (v. 10).

Tá cuid eile de chlisteacht an déantúis le haithint sa phéire véarsaí i ndeireadh na coda tosaigh sin den dán (vv. 9-10), mar a bhfuil feidhm bainte dhá uair as an bhfocal *traochadh* (ll. 34, 37). Úsáideadh an focal cheana sa chéad véarsa (l. 3), agus tá an macalla as sin le tuiscint mar chúinse ar mhaithe le briseadh nó clabhsúr roimh dhíriú don bhfile ar an bpríomheilimint eile den téamaíocht, daorbhroid na ndlíthe.

Tá an nasc foclaíochta le dán Uí Dhuinnín athbhunaithe i bhfiorthosach v. 11 i riocht macalla eile, viz. ‘Is é do mhearaigh mé an ghasra ghníomh-Ghaelach’ (l. 41) (ag freagairt don chéadlíne i v. 5 i ndán Uí Dhuinnín, viz. ‘Asé do mhearuiú mé, dalta gach ríoghchuaine’, l. 17). Ón bpointe sin ar aghaidh, ag tabhairt aghaidh dhó ar chomharthaí sóirt an daorsmacha lena linn féin a chur síos, tá an múnla a bhí roimhe sa dara cuid de dhán Uí Dhuinnín ceilte ag Mac Coitir, a bheag nó a mhór, nó go nochtann sé é féin arís in athnasc na paidre ag lua na tairngreachta, ‘A Dhé! cá fada a bheidh etc.’ (v. 16). Ach tá an chomaoin eatarthu le haithint sna véarsaí ina bhfuil an friotal difriúil fiú amháin—mar shampla, sa mhéid go dtarraingíonn an dá fhíle ‘bás na féile’ chucu mar mhóitíf sa chur síos. Ní mar a chéile a fheidhmíonn an mhóitíf úd sa chomhthéacs sa dá chás, áfach. I ndán Uí Dhuinnín tá brí phearsanta le caoine na féile (‘gan féile ar marthain ná carthanacht trí thrua ar bith’, l. 51). Mar, dá huireasa, ní fhéadfaidh sé a cheird dhúchais a chleachtadh a thuilleadh mar fhear léinn, agus mar sin ní foláir

²⁴Feic nóta an scríobhaí Éamonn Ua Mathghamhna luaite sna malairtí thíos (l. 68).

leis feasta malairt cheirde a tharrac chuige ('mo chrádh! go leanfud feasda bríbhéireacht!' l. 64). Chomh fada le Séamas Beag, níl i gceist le deireadh na féile—'Nach céasta an mhalairtse i gcathair na caoinfhéile' (v. 15, l. 57)—ach gné stairiúil eile den anfhorlann náisiúnta nach foláir fianaise a lorg uirthi sna leabhartha léinn; dá réir sin stiúraíonn sé an léitheoir, i nóta a ghabhann leis an líne, i dtreo tagairtí do thréith na féile i saothair fhoilsithe ar Éirinn le húdair ainmnithe (Stanihurst, Speed, Lombardus), agus tá uimhir leathanaigh luaite leo faoi seach do réir an nóis léannta (v. 15, l. 57).

Thar aon áit eile, áfach, is i ndrúachtadh an véarsa ceangail atá cumas Shéamais Bhig mar fhear ceirde curtha ar taispeáint. Luadh cheana go bhfuil múnla an tuair léanmhair phearsanta lena gcríochnaíonn dán Uí Dhuinnín athraithe sa dán seo ina thuar áthais do chine Gael uile, ag súil go raghaidh an tairngireacht chun cinn a gheallann fóirithint dóibh thar lear—'Séamas feasta dhá dtagadh 'na rí-réimibh!' (l. 65). (Dar ndóigh, is leide é an coinníoll atá curtha i bhfocail sa líne sin go mb'fhéidir nach raibh i gceist ar an gcuid is fearr ach dóchas lag go dtiocfadh an ní atá luaite i gcrích!) Is é an pointe difríochta is mó atá idir an véarsa ceangail le Ó Duinnín agus an ceann deireanach seo ná an éagsúlacht a léiríonn siad i gcúrsaí friotail. Stíl chainte phléineálta gan aon ghné mheafarach ná riachtanas ciallaithe ag baint léi atá ag an gcéad fhile sa véarsa ceangail, ag féachaint roimhe agus in éineacht.

Geadh gur chaitheas seal dom' aois aerach
Is gur ghráidheas gach stair air reacht na bhfíorGhaodhal so
Mo cheárd ó mheath is gur athruigh dlighe Éirionn
Mo chrádh! go leanfud feasda bríbhéireacht.²⁵

Mar mhalairt air sin críochnaíonn dán Shéamais Bhig le meafar mór, arb é atá mar bhun leis an tuiscint thraidisiúnta go raibh ceangal gaoil idir na Gaeil agus an teaghlach Stíobhartach. Samhlaíonn an véarsa an athnuachan a thiocfaidh ar chine na nGael, má thagann Rí Séamas i réim, leis na géaga nua a fhásann ar an gcrann darach i ndiaidh dó a bheith leagtha.

Séamas feasta dhá dtagadh 'na rí-réimibh
céad de ghasaibh a cneasaibh gach saoirphréimhe
de Ghaelaibh glana (s cuir feasta ded' mhaoithmhéala!),
do réir na daire noch teascthar, arís séidfí! (v. 17)

Tá léiriú breise déanta ar chiall an mheafair atá i gceist mar chuid den ghluais léirmhínteach a ghabhann leis an véarsa i gcóipeanna áirithe (Nóta (68)) (A, I). Déantar nasc fileata sa chur síos sin idir íomhá na nuachrann a fhásfaidh mar a bheadh coill agus seanimeartas ar bhri an tsloinne *Steward* ('maor') atá ar Shéamas féin—agus a thugann mar cheart dó an teideal 'maor cóir na caomhchoille' a ghlaoch air.²⁶

²⁵Stern, 'Über eine Handschrift Teig O'Dinneens' 539 [v. 16].

²⁶Maidir le stádas an leagain den nóta léirmhínte deiridh seo (sna cóipeanna A agus I) agus an coibhneas atá idir é agus leagan níos giorra a thugann lámhscríbhinní áirithe uathu (G, D),

Lámhscríbhinní

Acadamh Ríoga na hÉireann:

- 27 (A iv 2), 71a (Seán do Níadh, 1751-7) (A)
- 30 (23 B 38), 49 (Séamus Ó Murchúghadh, 1778-9) (B)
- 413 (23 I 26), 120 (Mithcheal Aingleond, 1772/80) (I)
- 307 (23 M 14), 328 (19ú haois) (M)
- 73 (23 C 8), 49 (Mícheál Óg Ó Longáin, 1833) (C)
- 491 (23 E 16), 294 (Mícheál Óg Ó Longáin, 1804-8) (E)

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:

- G 430, 64 (Éamonn Ua Mathghamhna, 1781-96) (G)

Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad:

- M 12, 298 (Pól Ó Longáin, 1818) (P)
- B 11, 17 (Éadhmonn Ó Mathamhna, 1792-93) (D)

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh:

- Cnuasach Thornha T 46, 30 (Pádraic Stúndún, 1886) (T)

Baineann A, B, I, G, D leis an ochtú céad déag (A an chóip is sine), agus baineann M, C, E, P, T leis an naoú céad déag; an scríobhaí céanna a scríobh G agus D (Éamonn Ua Mathghamhna), agus is ón láimh chéanna C agus E (Mícheál Óg Ó Longáin). Tá an téacs iomlán in A, I, G, D, T, ach tá bearnaí éagsúla in B, E, M, agus C. Tá an cheannscríbhinn chéanna leis an téacs in A, I, G, D, M, T, agus tá nótaí léirmhínteacha scríofa san imeall nó ag bun leathanaigh sna cásanna sin go léir.

Ó chomparáid a dhéanamh idir na nótaí léirmhínteacha is féidir na lámhscríbhinní ina bhfuilid a aicmiú ina ngrúpaí, agus tá tacaíocht don aicmiú le fáil ó roinnt malairtí téacsúla. Maidir leis na cóipeanna a bhfuil na nótaí in easnamh iontu, leiríonn malairtí áirithe go bhfuil C, E, agus P comhghaolmhar lena chéile. Tá stádas neamhspleách ag B.

AI

Tá earráidí cóipeála comhchoiteanna iontu seo sa téacs (l. 24) agus sna nótaí a ghabhann le ll. 13 ('hairdeaspagóideacht': '-a' an ghinidigh in easnamh) (léamh a roinneann T leo), 23 ('hachtaoigheacht': an mhír bhriathartha ar lár, agus nod siolla scaoilte mar *-eacht* in áit *-eadh*), 57 (mílitríú ar 'Stanihurst'), faoi seach; agus tá dorn eile de mhionmhálairtí iontu a bhaineann le cúrsaí litrithe agus a dhealaíonn amach iad ó na lámhscríbhinní eile (ll. 4, 21, 36, 39, 40, 46 etc.). Ós difríochtaí neamhshubstainteacha amháin atá le haithint laistigh den phéire seo den chuid is mó, agus mar go bhfuil fo-earráid in I nach bhfuil in A (26, 48, 50, 55, 56), d'fhéadfadh sé gur ó A a cóipeáladh I.

feic an cuntas ar thraidisiún na lámhscríbhinní a leanann i mo dhiaidh (lgh 10, 11). Tá plé ar an véarsa ceangail agus ar an nóta a ghabhann leis ag Breandán Ó Buachalla, *Aistling ghéar: na Stiobhartaigh agus an t-aos léinn 1603-1788* (Baile Átha Cliath 1996) 328, ach tá an téacs, idir véarsa agus nóta, curtha síos i riocht mós truaillithe agus tá an ghluais curtha i leith scríobhaí na lámhscríbhinne A iv 2 (= A).

GD; MT

Tá roinnt difríochtaí suaithinseacha le tabhairt faoi deara idir foirm na nótaí léirmhínteacha sa ghrúpa seo agus a bhfoirm sna cóipeanna AI, mar seo leanas. (i) Tá earráid sa nóta le l. 52 ('bheag' in áit 'bheatha') comhchoiteann iontu. (ii) Tá gluais bhreise curtha le focal amháin ('gal') i l. 5 (ach litriú míshlachtmhar in M); agus tá nóta tagartha breise i Laidin ('vide Keating et alios') sa nóta le l. 23 (giorraithe in MT).²⁷ (iii) Tá an nóta le l. 57 a sholáthraíonn an tsraith tagairtí do leabhair fhoilsithe (Stanihurst, Speed, Lombard) ar lár sa ghrúpa seo; agus in áit an nóta atá ag leanúint air sin in AI (le l. 58, '*Insula . . . Lucius*') tá na focail 'nó Oileán na Naomh' mar nóta iontu (ach go ngabhann an frása '*Insula Sanctorum*' rompu sin in T). (iv) Tá an nóta leis an véarsa deiridh (l. 68) (míniú ar shamhailt an chrainn darach) níos giorra go mór sa ghrúpa seo ná mar atá sa leagan de in AI. Anuas ar na pointí sin tá deimhniú ar an ngaol idir baill an ghrúpa le fáil i ndornán malairtí téacsúla eile, e.g. l. 4.

Stádas T

In ainneoin a bhfuil d'fhoirmeacha comhchoiteann iontu, áfach, sna nótaí go háirithe, tá éagsúlacht le tabhairt faoi deara idir GDM ar láimh amháin agus T ar an láimh eile i roinnt cásanna. Mar shampla, ag deireadh an nóta le l. 43 (mar atá sé curtha síos in AI) tá abairt bhreise shuaithinseach le fáil in G, D, agus M nach bhfuil in T, ag tosnú leis na focail 'Gidh eadh do mhair an t-ughdar le cuid do na dlighthibhse etc.' Tá na foirmeacha ag tagairt don fhile féin san abairt áirithe sin sa 3ú pearsa uatha in G agus D araon ('mairfidh'; 'go bhfaicfidh'), ach is foirmeacha sa chéad phearsa iolra atá ag freagairt dóibh in M ('mairfianna' agus 'bhfaicfimid'). Dar ndóigh, cé go bhféadfadh sé gurb í caint Mhic Coitir féin atá san abairt bhreise seo sa riocht ina bhfuil sí curtha síos in GD, nó, ceann éigin eile, gur scríobhaí a mhair go comhaimsireach le Mac Coitir a chuir isteach í, i bhfianaise an fhoirm chainte atá ag an abairt in M (an mhír threise sa chéad bhriathar) is dóchúla gur le scríbhneoir eile seachas leis an údar féin an chaint. Pé ní ina thaobh sin, áfach, níl aon rian den chaint bhreise atá sna cóipeanna eile sin le fáil i gcóip an nóta atá in T; agus chomh maith leis sin tá an chuid tosaigh den nóta mar atá sé curtha síos iontu (agus in AI chomh maith leo), viz. 'Gaidhil dá gcur dá bhfor etc.', ar lár in T, áit nach bhfuil ag freagairt don nóta iomlán ach an frása '*Vide Poyning's laws [sic]*' amháin. Tá an deadhailt chéanna idir T agus baill eile an ghrúpa le haithint i gcás an nóta le l. 53, mar a bhfuil abairt bhreise ag leanúint ar a bhfuil ag freagairt dó in AI, a thosnaíonn 'Ní riacht(a)nus miniugha etc.' In áit na breise sin is é léamh atá ag T ná 'Tá an chuid eile soiléir'.

Le cois na ndifríochtaí seo sna nótaí a scarann T amach ón ngrúpa lena mbaineann sí, is feidir roinnt léamha eile a lua a thugann stádas faoi leith don chóip sin mar fhínné sa traidisiún i gcoitinne. Is é an ceann is tábhachtaí san aicme sin an fhoclaocht i ndeireadh an nóta a ghabhann le l. 17, mar a bhfuil

²⁷Fianaise eile ar ghaol níos dlúithe a bheith idir T agus M laistigh den ghrúpa seo is ea na malairtí téacsúla a roinneann siad i ll. 46, 51, 63, agus sa nóta le l. 26.

feidhm bainte in T as caint sa chéad phearsa uatha ('mar sin bheim tosach doibh'), á thabhairt le fios go dtéann an nóta sa chóip sin siar go dtí an t-údar féin. Difríocthaí eile atá idir na nótaí a sholáthraíonn T agus na cóipeanna eile ná iad seo leanas. (i) Tá nótaí ag gabháil le vv. 1, 12, faoi seach, nach bhfuil le fáil in aon áit eile (feic ll. 3, 48, malairtí). (ii) Tá ord difriúil ar na focail sa nóta a ghabhann le l. 10. (iii) Tá an mhalairt 'cointinnche' in áit 'cointinncheilg' sa nóta le l. 36, a d'fhéadfadh a bheith údarásach (feic na nótaí téacsúla). (iv) Tá foirm níos giorra ag an nóta le l. 63. Anuas ar na difríocthaí sin tá roinnt áirithe malairtí téacsúla lasmuigh de na nótaí léirmhínteacha a bhronnann stádas neamhspleách laistigh den ghrúpa seo ar T, cuid díobh botúnach (e.g. l. 54), agus a thuilleadh a bhfuil a chuma orthu gur athdhréachtadh ar an téacs mar atá sé sna cóipeanna eile go léir atá ar bun iontu (e.g. l. 18 'cheannasaigh' in áit *Teamharaigh*; l. 19 'chalma' in áit *Laighean*; l. 56 'na cceallaibh' in áit *ingealtaibh*).²⁸ Chomh maith leo sin tá beagán léamha in T á roinnt le cóipeanna i ngrúpaí eile, e.g. an nóta le l. 13 (AI), l. 36 (CEP).

Léiríonn an tsraith difríocthaí atá aitheanta thuas idir AI agus GMDT i dtraidisiún na nótaí léirmhínte gur dhá leagan dhifriúla den ghluais atá i gceist sna grúpaí sin faoi seach, agus tá tréithre thall is abhus sna nótaí in T a thugann stádas dá cuid féin don gcóip sin sa ghrúpa lena mbaineann sí. Ní shílím go bhfuil aon chúis nach dtuigfí gurb é an t-údar féin a réitigh na leaganacha éagsúla seo faoi seach (lasmuigh den chaint bhreise atá leis an nóta le l. 43 in GDM) ag amanta éagsúla. Agus cé nach féidir a rá le haon tsiúráil cé acu leagan díobh is túisce a réitigh sé, shamhlóinn gur déanaí an ceann ina bhfuil an liosta tagairtí do na leabhair (AI) (l. 57), mar go measaim gur ar éigin a d'fhágfaí amach liosta mar é sin i ndiaidh dó a bheith curtha i dtreo. Dar ndóigh, más fíor an méid sin, ní foláir nó is foirm athchóirithe de bhunleagan an nóta ar an véarsa deiridh (l. 68) (a thugann GDT)²⁹ atá sa leagan den nóta céanna mar atá sé in AI.³⁰

Maidir le malairtí eile, is féidir a thabhairt faoi deara go bhfuil an botún cóipeála atá in AI agus T sa nóta le l. 13 ('hairdeaspagóideacht') in easnamh ar GMD; agus ag freagairt d'earráid eile in AI sa nóta le l. 23 ('hachtaoigheacht') tá an fhoirm in MD agus T gan cháim ('do hachtaigheadh'), murab ionann agus an fhoirm ag freagairt di in G ('do hachtaoigheacht'), a thaispeáineann fabht i gcás an noid a scaoileadh mar a luadh cheana. Thabharfadh na cásanna sin le fios, b'fhéidir, go raibh na botúin éagsúla sna cóipeanna AIT agus AIG, faoi seach, le fáil sa bhunleagan as ar tháinig pé foinsí ar tharraing na lámhscríbhinní sin astu, agus gur coigeartú air atá léirithe i gcás na coda de na cóipeanna atá saor ó earráid.

²⁸Feic na nótaí téacsúla (l. 56).

²⁹Tá v. 17 ar lár in M.

³⁰Feic thuas lch 8.

EP; C

Is sine E ná P agus is sine P ná C. Cé nach mar a chéile na ceannscríbhinní iontu (E amháin a thugann ‘Séamas beag’ mar ainm ar an údar, agus tá an tagairt dá aois in easnamh in CP), d’fhéadfadh sé i gcás P gur coimriú ar an gceannscríbhinn in E atá i gceist, agus mar an gcéanna i gcás C, ach soláthraíonn an cheannscríbhinn atá in C dáta (‘1737’) nach bhfaightear in P ná E.³¹ Tá gearrchuid malairtí tábhachtacha comhchoiteann iontu (ll. 12, 16, 36); agus i gcás amháin is iontu atá an léamh is fearr, creidim (l. 4, feic na nótaí téacsúla). Tá vv. 16-17 in easnamh in E agus P, ach is é faoi deara an bhearna in E go bhfuil leathanach cailte.³² Tá v. 7 ar lár in P, á thaispeáint nach ón gcóip sin a shíolraigh C. Agus tá dornán de léamha substainteacha in C a scarann an chóip sin ón bpéire eile; ach lasmuigh de cheann amháin díobh a d’fhéadfadh a bheith údarásach (l. 56, feic na nótaí téacsúla), léamha neamhúdarásacha is ea a bhformhór eile (ll. 16, 22, 25, 26, 56, 58). Dá chomhartha gur shíolraigh C ó chóip ina raibh nótaí léirmhínte, tá uimhreacha tagartha ag gabháil leis na línte ag freagairt dóibh, ach tá téacs na nótaí féin in easnamh.

B

Tá vv. 12-17 ar lár, agus tá roinnt mhaith malairtí earráideacha sa chuid eile den téacs (ll. 14, 22, 23, 31). Seasann an chóip seo amach léi féin ar chúpla cúis eile chomh maith. (i) Sa cheannscríbhinn seo amháin is ea a tugtar ‘Séamus óg’ ar an údar; agus (ii) tá foclaíocht dá gcuid féin ag baint leis an gcuid de na nótaí léirmhínte a sholáthraítear inti (ll. 26, 29, 36).³³ (Tá nótaí ag tagairt do ll. 10, 13, 17, 23, 38, 43 in easnamh.)

Cóiriú

Dá ainneoin go bhfuil cóngais le haithint idir lámhscríbhinní áirithe is beag an fhianaise atá aimsithe ar spleáchas díreach a bheith idir cóipeanna éagsúla. Dá chionn sin cuireadh na leaganacha uile chun tairbhe ar son na heagarthóireachta. Tá cóiriú litrithe mar is gnáth déanta ar an véarsaíocht;³⁴ ach i gcás an phróis leanadh d’fhoirmeacha na lámhscríbhinne is sine mar théacs bunaidh (A), agus tá na léamha atá ag freagairt dóibh sin cruinnithe ar leithligh (‘Malairtí sna nótaí léirmhínte’). Tá comhartha * curtha leis na línte sa téacs a bhfreagraíonn na nótaí léirmhínte ag bun an leathanaigh dóibh, mar áis don léitheoir. Don scéim mheadarachta feic thuas (lch. 5).³⁵

³¹Feic thuas n. 10.

³²Cf. *RIA Cat.* 1389; feic na malairtí l. 60.

³³Feic ‘Malairtí sna nótaí léirmhínte’.

³⁴Cf. *Éigse* 31 (1999) 108-9.

³⁵Gabhaim buíochas le Tomás Ó Con Cheanainn as an t-alt seo a léamh agus as a chomhairle thairbheach.

T'

*Séamas Mac Coitir cct san 17^o bliadhain dá aois
ag caoine éagcomhlainn Éireann etc.*

1.

Mo léansa an galar so shearg mé i sírghéibheann—
cé mhéadaigh gradam ag Gallaibh i gcrích Éibhir—
traochadh tapa na bhfearachon ngnímhéachtach
de thréanfhuil acfainnigh arraid sin Ghaoidhil fhéil-Ghlais.

2.

An laochra mheardha ó ghalaibh nár smaoin staonadh 5
de phréimh na gCarrathach gcabharthach gcaoinmhéinneach
ba séadach aiscitheach tabharthach díol d'éisibh
's rug tréimhse ceannas an fhearainn-se shaoirFhéilim.

3.

Gach féinneadh feardha flaitheamhail fírfhéata 10
de chaomh-shliocht chalma Charmaic chroféidh Chais*
's an mhéid do shleachtaigh de leathantruip síl gCéin mhir,
ós faon an ghasra feasta budh síos d'Éirinn.

4.

Is méala Caiseal gan mharthain gan phuinn scléipe,* 15
an chléir gan rachmas fá anabhroid phoimpmhéirleach,
gan scéimh ar cheallaibh le hanfa dlí an Bhéarla,
an éigse ar seachad 's gan tairbhe a laoi léannta.

5.

Na tréin ó Theamhair de chlannaibh chirt Chuinn Chéadaigh* 20
is Aongais Teamharaigh, dreagain ar loinn-dhéine,
caomhthaigh Laighean ba freastalach fínbhléidheach
créachtach catharach cleasghaileach croí-léidmheach.

(10) Triar ó dtáinig Síol Éibhir uile, Eoghan Mór ó dtángadar Clann Charrtha etc.,
Cormac Cas, Cian, clann d'Oilioll Óluim an triar.

(13) Caiseal, ríoghphort Muimhneach agus cathaoir a hairdeaspagóideachta.

(17) Gé gur shine Ír mac Mílidh ná Éireamhón ba hoirdhearca agus ba hoirbheartaighe
sliocht Éireamhón ná sliocht Ír gona de sin atáid rompa annso.

6.

Gach n-aon ó Eamhain ghlain Mhacha d'fhuil Ír éachtaigh
nár staon i ndeabhadh 's nár braitheadh ar tí claonta,
na gléire cheannaigh is bheathaigh fá thrí an éigse*
tar éis bhfear mBanba sealad dá síréimeadh.

7.

Ní léigfead tairis seo seacham na trí tréana, 25
caomhstoic seasaimh do lagaibh, sliocht Íthe fhéil-ghlain,*
géaga an ghaisce gan chagal a haoinphréimh d'fhiuch,
séanadh a maitheasa is deacair gan fir bhréige.

8.

Tuirgéis na dtreathan dtiugh athair mo mhínphréimhe* 30
ar ghéire a ghaisce do shealbhaigh inse Éireann,
gér laochdha gasra an fhearainn sin roimhe i n-éineacht,
do géilleadh eatorra an flaitheas dá chlaíomh tréimhse.

9.

Ar Éirinn beanta le sealad tá cruinntséala
gur traochadh ceannas is maicne an rífhéinnidh, 35
's an té dá maithibh ba taca do phríomhGhaelaidh,
an laoch, mo dhainid, gur teascadh le righintéadaibh.*

10.

Do traochadh, m'atuirse, gairm na ngróíGhréagach
's gach fraoch-ealta acu dá ngairmthear Gaill aosta,* 40
níl dréacht dá ghlacadh ná ceannach ar scríbh-Ghaeilge
acht Béarla ó Shacsaidh 'na mbailtibh do chlíchéas mé.

11.

Is é do mhearaigh mé an ghasra ghníomhGhaelach,
préamha pailme an pharrthais phríomhaosta
go léir dhá dteascadh gan taise gan díth faobhair*
le daorthaibh Danair dá meascadh tar mínTéitis.

(23) Na trí huaire do hachtaigheadh a seannaidibh a nÉirinn an lucht ealadhan do dhíochur,
do chongmhadar Ultaigh aco féin iad.

(26) Sliocht Lughaidh mhic Íthe.

(29) Óir is ó Oitir mac Tuirgéis thángadar Clanna Coitir.

(36) Séamas Mac Oitir do crochadh go héagórach le cointinncheilg eascarad na nÉireannach.

(38) SeanGhail uile.

(43) Gaoidhil dá gcur dá bhfor le dlighthibh etc., *vide Poyning's Law*.

12.

Seo an t-éacht óm dhearcaibh tug sratha dá sírbhréagadh 45
is—cé gur leanbh mé—fairbre im chrínéadan,
ar ndéas gan ana 's ar gceathra gan puinn saothair
is léis na nDanar ar fhearannaibh Rí Séamas.

13.

Sul féidir gairm nó beatha bheag chloíte éigin 50
d'éinne 'thabhairt do mhaicne Mhílésius,
na céadta dearbhadh dearg ar slí a chéile
is léir go gcaithfidh do spalpadh 'na splainc-éitheach.*

14.

Gibé ná hadmhann Banaltra an Rí 'shéanadh*
's nach géilleann crapadh fá bhreathaibh na Gaillghléire 55
d'aontoisc tachtaid go tapa le suí traosan
mun dtéid i ngealtaibh nó d'amas tar toinn taoscaigh.

15.

Nach céasta an mhalairtse i gcathair na caoinfhéile*
dár glaodh gan dearmad Talamh na bhFíoraon seal,*
dá éis 'na carcair bhoicht mhallaithe mhí-naofa 60
gan daonnacht, carthanacht, cneastacht ná díol déarca.

16.

A Dhé! cá fada bheidh an galar so ar chrích Fhéilim?
nó an é nach faicfeam-na tarrgaire naoimhShéadna?
nó an té cois mhara do labhair an ní céanna,*
nó an bréaga is bladair do chanadar thrí a chéile?

17.

Teagasc agus freagra an fhir chéadna air féin annsna ceastaibh-se
Séamas feasta dhá dtagadh 'na rí-réimibh 65
céad de ghasaibh a cneasaibh gach saoirphréimhe
de Ghaelaibh glana (scur feasta ded' mhaoithmhéala!),
do réir na daire noch teascthar, arís séidfid!*

(52) Níl oifig ná slíghe bheatha le fágáil ag Éireannach mun dtréigidh an creideamh Rómhánach agus na dearbhaighthe do dhéanamh .i. an *Recantation*.

(53) Muire, óir is coingheal do na dearbhathaibh a comhachta do shéanadh.

(57) *Vide Stanihurst, p. 33; Speed, c. 2 p. 9; Lombard, p. 111; Keating sparsim*

(58) *Insula Sanctorum, vide Grat. Lucius.*

(63) Sionán Insi Cathaigh ar an Sionainn agus Séadna lér tarrngaireadh díothchur [sic] nDanar le hÉirionnchaibh.

(68) An crann daire iomorro, iarna theascadh, dá bhfuighbhe a choiméad gan brúthadh fásuid mórán nuadhchrann as; mar sin do phréamhuibh prionnsamhla póruaisle Gaoi-dheal, fásfuid go fóirleathan dá bhfuighid Séamas .i. maor cóir na caomhchoille dá coimhdhíon etc.

M

Lámhscríbhinní: A, B, I, M, C, E, G, P, D, T (eochair na litreacha tagartha ar lch 9).

Ceannscríbhinní: Seamus mac coitir cct san (: annsa M) 17o (: 17adh G: seachtmhadh T) bliadhain (: leanann déug T) dá aois ag caoine (: caoinidh GD) éagcomhluinn eirionn etc., AIMGDT; seamus bec mac oitir san 17^o bliadhain da aois air anfhórluinn eirionn cct, E; seamus óg mhac coitir cct an aois a seacht mbliadhan deag, B; seamas mac coitir ar anfhórlainn eirionn 1737, C; séamus mac coiter air éirinn cct, P

Línte 25-8, 61-68 ar lár P; 45-68 ar lár B; 61-8 ar lár E (ach an nascfhocal 'A dhé' ag leanúint ag bun lgh 294); 65-8 ar lár MC

1 1 galarsa MP; shearg EPG; shearag I: shearag *lss eile*; mhé P: me *lss eile (et passim)*; síor-. BI; -ghéibhinn MCPT 2 cídih T; ccríoch M; éimír B 3 traocha P; tapaidh T; bhfearrchon B: bhfearchon M; ghniomh-. B; -éachtaigh T *Leanann nóta san imeall:* iad so do shíolraigh ó ghaol glas T 4 don C; do *lss eile*; trean-. C; acmhúinnidh P; arroid sin P: arruidsin CE: arraidigh AI: araduig B: arraduigh MGD; ghluis MEP

2 5 an: na T; mheardha E: meardha P: mearadha BC: mheardha AIG: mearraga M: mhearradha IDT; ghalluibh BICEPT; *in marg.* gala .i. comhbhrach M: gal .i. comhrag G: gal .i. cómhrac DT; smuin I 6 do *lss*; phréamh T; -mhéinneadh T: -mheinneach *lss eile* 7 bud M: budh T; shéadach IT: séadad M; aisgidhtheach *lss*; tha. I 8 -seo IBT

3 9 féinneach CE: féine T; fearadha CP: fearrdha B: fear(r)adha *lss eile*; flaithe(h)ail ET: flathamhuil *lss eile*; fíor éadtha B 10 do *lss*; chaemh-. AMCEG: cheimh I: chaomh B; chalama ABCGD: calma P; charamuic AIG: chormuic B; cídhe- P: c(h)roídhe- *lss eile*; réigh B: réig P; chuis B 11 méad CP: mhéud T; shleachtaidh AICPD: shleachtaibh B: shleachta MT; de] an T: do *lss eile*; -thrup AM: -thruip I; shíol B: shíl T; ceil (?) P 12 is ós CEP; ghasra P: ghasraidh E: ghasara *lss eile*; budh] is T

4 13 mealladh I: mealla B: mealadh P; ma. C: mharrthuint I; phuing AEGD: puinn CIT 14 cl. M; fó C; nanabhruid P: annbhruid T: anabhruid (/bhroid) *lss eile*; puímp- AIBC: phuimp EP: phoimp T; mé. CT: mhéirdreach B 15 hannfadh T; hanafadh *lss eile*; dlíghe *lss* 16 seachad] sgaipe C; tairife I; a] an B: ar lár C; laoi MEP: laoidh ACG: laoiigh B; léannta] dhéanamh CEP: léighionta *lss eile*

5 17 do *lss*; chlanna BC; coin B: coin M: chuind ID: choinn T 18 aongus B: aonguis (*sic*) *lss eile*; teamharach C: teamhrach P: cheannasaigh T; dragan B: dragoin MC: dragain T; loíng-. B: léin P; -dé. EP 19 Laighean] chalma T; budh T; fre. T; finn-. BEPT; bhléigheadh EP 20 catharach *eag.*] caithior(r)ach ACEGPD: daithiorrach B: caitiorrthach I; cleachtghui(l)leach IPGMDT; croídhe- *lss*; -léadmhach BCEPMT

6 21 ghlan P; mhucha AI: maca B 22 a ndeabhadh AIMG: an deabha(dh) BP: a ndeab-.E; brathadh CEPGDT: bhrathadh AI: bratha M; bhrathadar tígh B; tíghe AI; claona C 23 ná AMG; gcléire B; be. B: bheathaibh M 24 tar éis na bhfear mbanaba AI; -éimídh B: -eimigh MT: -éime *lss eile*

7 25 thairis B; tairiseo M; ní léigfead seacham nís faide C 26 (*Línte* 28, 26 *in áit a chéile in C*); caomhstoc BT: caoimhstoc I: caemhstoic (*ceartaithe ó -shliocht*) E; she. I; leagaibh I; íth B; -ghil M; *Tar éis* ghlain in B: 1 (*ag tagairt do nóta buin, feic thíos l. 26*) 27 ca. C; haoiphreimh A 28 S *éadn* a E; fír C: fíghir *lss eile*; bréige MT: bhréaga C

8 29 tairgéis B; thug B; aithir EP; *Tar éis* phréimhe in B: 2 (*ag tagairt do nóta buin, feic thíos l. 29*) 30 fír ghéire ghaisce B; ga. M; shealabhaidh AI: shealbha P; ínnsi EP 31 gear *lss*; laochdha AIGD: laochda *lss eile*; gasara AI: *gusraidh* E; ríomh an aondacht B 32 ghéilleadh B: géileadh M; eadartha B: eatorra *lss eile*; flathus B; gcloidheamh T

9 33 bainte B: leanta C; croinn-. *lss* 34 traocag B: traochach E: thraochadh D; maicne BM: maicine ACEPD: maithchine I; rígh-. *lss* 35 do BG; mathaibh ABP: mhathaibh G: mhaithibh I; budh GT; thaca T: thacadh AI; -ghaodhalaibh BT: -ghaodhaibh C: -gaodhlaibh E 36 dhainid BGD: dhaithnid MCEPT: dhanaid AI; tachtadh CEPT; ríghin-EP: rín- AIMCG: rinn- B; *Tar éis* -téadaibh in B: 3 (*ag tagairt do nóta buin, feic thíos l. 36*) B

10 37 mathairse B: mfadtuirse M: matharsi P; ngraoidh- B: ngroid- P: ngroídh(e) *lss eile* 38 fraechealta AICGD: fraochalta B: fraochealta MEP; ngairmtear B 39 gla. CEPT; sgríbh ghaodhalga AIGD: sgríobh ghaodhailge B: scríbh gaodhuilge M: scríobh ghaelga C: sgríobh gaedhilge EP: sgríbh gaodhuilge T 40 shacsanaibh AI; mbailte BCE; do chlíchéasa P

11 41 é *ar lár* M; mharaibh B; ga. P; -ghaoidhlach M: ghaodhlach *lss eile* 42 pailime AI: phailime B; an *ar lár* B; pharrathais AIP: parrthuis B 43 da M: dá E; leagadh B 44 danar EGT; tteasga B; thétis B: téitis P: tétis I: tétis *lss eile*

12 45 so M; ón déarcaibh P; -bréaga M 46 leanabh A: leanamh I; fair(i)bre CEGD: fairibe AI: fairbhre MT; crí. G 47 air P; anadh T; cceartha A: ccearta I; puing AG 48 léir P; fe. I; rígh *lss*; seamuis IT *Leanann nóta san imeall in T: 'Vide Same laws'*

13 49 feadtar C: féadiar P; na C: n-. P; bheatha M; chlaoidhtha D: chláoi(dh)te *lss* 50 do *lss*; mhaicne CP: mhaicine AMEG: mhaicire D: maithchine I; mhíléisius T 51 dearbhadh] dearabha AG: dearbhta ICEPD: dearbha MT 52 spluin(n)céithigh CE: splúingcbhréige P

14 53 gibé GD: gidh bé *lss eile*; nach CP; hadamhann AIP: adbhann C: hadmhan T; bnulltra P; rígh T 54 bhrataibh T 55 suíghidh CEGDT: suighidh MI: suighid A; tréason CE: threasion P 56 muna M; dtéidh GD; a ngealtuibh IC: a nealtuibh AMEGPD: na ccealluibh T; dhamus M; thar T; taosgadh T

15 57 -seo IT 58 glaothadh AIGT: ghlaodhadh D: glaothag CEP; dearamad AIG; bhfiornaomh C; seal] *leanann .i. eire* E 59 dhá D; caircair P; bhocht C; mhíodh-. IDT: mhíogh-. *lss eile* 60 cneastacht carthannacht P; carthanacht D: carrthannacht *lss eile. Nascfhocal bunleathanaigh: A dhé (an chuid eile den téacs in easnamh) E*

16 61 dhia I; ca I; bheith M: bhiaidh C; críoch M; fhéidhlim DMT 62 tarngaire M: tarngaireacht C: tarangaireacht T; séadna CDT 63 mara MT 64 ca. M; trí MCDT; a *ar lár* C. *Nóta ceannscríbhinne: Freagra ar lár T; annsna ceasdaibhse] air a cheasdaibh féin T*

17 65 dá T; rígh-. *lss* 66 do *lss*; gasaibh I; saor-. I 67 do *lss*; ghaodhluibh AIT; dod *lss* 68 noch] nach T; séidfídh IT; *Leanann* finit AI: finis G. *Leanann nóta ón scríobhaí in G ag bun leathanaigh 66*: ‘Bíodh a fhios agad, a léaghthoir ionmhuin, gur bé an duine uasalsa, Séamus Mac Coitir a cCaisleán Aoibh Liatháin, flath as foghlamtha san teanga Ghaoidheilge agus saoi re dán as fearr annos a Leath Mogha, no fós badh fhéidir a nÉirinn uile.*** Mór dán dearsgnuithe agus duain bhinn mhilis léigheanta fhileamhail, dheighdhéanta, fhoghlamtha do cumadh leis an saoi róthréitheach oirdheircse, bíodh nách fuil agamsa díobh annos acht na ranna réamhráidte noch do rineadh leis a naois, beagnach, a leanabuígheachta; acht céadna, taidhbsíghthear dom gur ba iontugtha ionad dóibh idir na fileadhaibh as tasgamhla agus as fearr féithe. Ata dóchas agam go bhfaghad na dhiaghsa tuille dá shaothar le cur san duanairisi.’

Malairtí sna nótaí léirmhínte

Nótaí léirmhínte scríofa ag bun na leathanach (agus comhartha tagartha leo) in AI, ar imill na leathanach in M, G, D, T. Tá uimhreacha tagartha gan nótaí ag freagairt dóibh in C; nótaí ag freagairt do línte 26, 29, 36 (uimhrithe ‘1’, etc. féach thíos) amháin in B; nótaí in easnamh EP.

(10) Triar] *roimhe* Clann Oillil Óluim T; dtáinidh A: dtáinigh DT; ó dtán-gadar] ó ar shíolraigh T; chormaic chais I; (cormac cas) et (C.) M: agus (C.) T; clann ... triar] *ar lár* T

(13) mumhan M: mhúmhan T; hairdeasbagóideacht AIT

(17) Gé] gídh T; sine T; eiremhoin M; b’oirdhearca T; ba hoirbheartuíghe GD: ba hoirbheartaighthe AI: ba hoirbheartuidhe M: bhoirbheartuídhe T; sliocht¹ *ar lár* T; eiriomhon AI: éireamhóin T; gona *sic*; san A; riompa GMD; annsa AIGD: an so M; ná ... annso] agus a shliocht, 7 mar sin bheirim tosach doib T

(23) do hachtaigheadh MDT: do hachtaoigheacht G: hachtaoigheacht AI; a seannaitibh A; ultuig A. *Tar éis iad leanann*: ‘*vide Keating*’ MT, ‘*vide Keating et alios*’ GD

(26) lugh-. A: luigh *sic* I: lúghadh M: lúgh-. GD; mac MT *Nóta uimhrithe* (‘1’) in B: Sliocht Lúgh-. Mhic Íthe

(29) tuirgéisus M: thuirgéisius T; thá. AI: do thángadar T; clann cho. MDT; *Nóta uimhrithe* (‘2’) in B: Is ó mhac Tairgéis thangadar clann Coitir

(36) chro. I; -chéilg A: -ceilg M; cointinnche T; eascaradh M; na eirionnach AI; *Nóta uimhrithe* (‘3’) in B: seamus mac coitir do crochad a bfeill

(38) seaghail M

(43) na ccur M; Gaoidhil ... etc.] *ar lár* T; ‘*law*’ *ar lár* I: ‘*laws*’ MGDT *Leanann in* MGD: gidh eadh do mhair an t-ughdar le cuid do na dlighthibhse dfaicsin dá ccur air ccúl et mairfiamna (: mairfidh GD) le congnamh dé go bhfaicfidh (: bhfaicfidh G) an chuid eile dhiobh curtha (: ecurtha G) ar ccúl mar an cceadna (mar an cc. *ar lár* G) (curtha ... cceadna *ar lár de bharr ghearradh bun leathanaigh*, D)

(52) ní M; slígh AGD; bheatha] bheag MGDT; éireannaigh T; muna M; ttréigid T; an *ar lár* DT; a ccreidiomh T; tocantation (?) A: recontation M

24 *tar éis bhfear mBanba* Aimhrialtacht mós coitianta (ar bhonn analaigh) atá san urú ar an gcéad ainmfhocal; cf. *TD* II 245.

25 *na trí tréana* Tagairt amhrasach; shíolraigh cúig cine ó Lughaidh mac Íotha do réir an Leabhair Ghabhála, ach tá rann luaite ag Céitinn ag trácht ‘ar thrí aicmeadhaibh do shliocht Luighdheach mic Íotha’ (*FFÉ* ii 284).

26 —Nóta (26) *Íthe* (gin.) malairt sheanbhunaithe (feic n. 25).

29 *Tuirgéis* Béim an ghutha ar an dara siolla.

31 *roimhe* Aontsiollach /ri:/ ar son na meadarachta.

36 *gur teascadh* D’oirfeadh an mhalairt ‘tachtadh’ (CEPT) sa chomhthéacs chomh maith; an dá bhriathar úsáidte in áiteanna eile sa téacs (ll. 43, 55) agus sa nóta le l. 68.

—Nóta (36) Maidir le Séamas Óg Mac Coitir (sinsear an Ridire Séamas (mac Éamainn) Mac Coitir, Baile na Speire † 1705) a crochadh i gCorcaigh ar an 7 Bealtaine 1720, tar éis go bhfuarthas ciontach é in éigniú mná de Chuallacht na gCairde, feic Brian Ó Cuív, ‘James Cotter, a seventeenth-century agent of the crown’ *JRSAI* 89 (1959) 139-59 (ar lch 159); Breandán Ó Buachalla, ‘The making of a Cork Jacobite’ in *Cork: history and society*, ed. Patrick O’Flanagan, C. G. Buttimer (Geography Publications 1993), 469-98 (go háirithe lch 478 *et seq.*). Chum scata mór d’fhilí comhaimsireacha marbhnaí á chaoineadh (ina measc Uilliam Mac Cartáin, Uilliam Ruadh Mac Coitir, Seán Clárach Mac Domhnaill, Piaras Mac Gearailt, agus Éamann do Bhál). Don chaoineadh a chum a bhanaltra ar a bhás feic anois P. A. Breatnach, ‘Caoineadh Shéamais Óig Mhic Coitir (1720)’ *Éigse* 37 (2010) (le foilsíú).

cointinncheilg An fhoirm ‘cointinnche’ in T, agus cé nach bhfuil solaoidí eile aimsithe, d’fhéadfaí an léamh a thógaint mar ainm teibí bunaithe ar an aid. *cointinnech* ‘contentious’; ach b’fhéidir, leis, gur botún cóipeála (inár fágadh deireadh an fhocail ar lár) is bun leis.

38 *fraoch-ealta acu* Fuaim |é — |a — ag an bhfrása sa mheadarachta.

43 *gan taise gan díth faobhair* ‘with neither pity nor restraint of arms’; tá *faobhair* déshiollach sa mheadarachta.

—Nóta (43) *dá gcur dá bhfor* ‘being set upon, undermined’(?) a d’oirfeadh mar aistriú sa chomhthéacs. Tá solaoidí ar *for* (ainmfhocal) an-ghann; cuir i gcomparáid *is é a fhor is a fhónamh*, *FGB* s.v.; agus feic an frása *re for* luaite in *DIL* s.v. (4 *for* ‘addition (?)’, *exx. Aithd. Dána* I 159, 161 (39.9c, 29c)); cuir leis na samplaí sin *síoth Dé re for a bhfuighbhe* (*Dán Dé* 10 (V 48d)).

44 *dá meascadh tar mínTéitis* Á mbrú amach thar farraige, is é sin; is ar éigin a d’aimsigh an file an *mot juste* sa bhfocal *meascadh* sa chomhthéacs.

55 *suí* (‘suíghidh’) ‘sitting, session or assize’ (*Dinn*. s.v. *suidhe*).

56 *mun dtéid i ngealtaibh* ‘unless he goes mad’ (?) (cf. *i ng.* ‘wild, mad, excited’ *Dinn*. s.v. *gealt*); nó ‘unless he goes to pastures’ (cf. *DIL* s.v. *gelt* ‘grazing’: ‘In pl. abst. for concrete, “pastures”’). Tá géilleadh tugtha anseo don léamh sa dá lámhscríbhinn IC ar an tuiscint go n-oireann sé níos fearr sa chomhthéacs ina bhfuil rogha idir dhá dhíogha i gceist; an mhalairt air atá i bhformhór na gcóipeanna eile ná ‘a nealtuibh’—frása ab fhéidir a aistriú mar

‘in droves’ (cf. *DIL* s.v. *elta*); ach ní sholáthraíonn sin an sórt contrárthachta a bhfuil súil léi mar mhalairt ar an gcaint eile, .i. *amas tar toinn taoscaigh* ‘to go overseas’, ach oiread leis an malairt ‘na cceallaibh’ (T), ar dócha gur coigeartú scríobhaí is bun léi.

57 *cathair na caoinfhéile* .i. Éire.

—Nóta (57) Teist na féile ar Éireannaigh dearbhaithe ag údair éagsúla; tá na tagairtí deimhnithe sna cásanna seo: (i) *Stanihurst* p. 33: Richard Stanihurst, *De rebus in Hibernia gestis, libri quatuor* (Antverpiae 1584) p. 33 (*Hospitalitas Hibernorum. Sunt sanè homines hospitalissimi, neque illis vlla in re magis gratificari potes, quàm vel sponte ac voluntate eorum domos frequentare, vel illis inuitatum condicere*); (ii) *Lombard*, p. 111: Petrus Lombardus, *De regno Hiberniae sanctorum insula commentarius* (Lovanii 1632) p. 110-11 (*Sunt valdè hospitales. Tradunt praeter[e]à scriptores aliqui, gentem hanc inhospitam, in hoc, vt apparet, eam traducentes, tanquam si non esset hospitalis. Ac reverà hospitalitatem usque adeo colit, vt praeter cultiorem vrbium magnificentiam, in hospitibus tractandis, quot occurrunt rari domus nobilium seu potentiorum, tot se ferè offerunt quasi hospitia publica, ad transeuntes quoque gratis excipiendos. In quo officio exhibendo perplures sic excedunt moderamen iustum, vt velut neglecta debità curâ prouidendi in futurum liberis suis & familiaribus, totos se distendant vt id in dies singulos suppetat, quod omnibus aduentantibus etiam mimis atque bardì, vti vocant, erogent*). Cuireadh cló go minic ar shaothar John Speed (*Speed* c. 2, p. 9), viz. *The history of Great Britaine under the conquests of the Romans, Saxons, Danes and Normans. The Fourth Book: Kingdome of Ireland* (London 1650) etc., ach níl tagairt ag freagairt do shonraí an nóta aimsithe.

58 —Nóta (58) *Grat. Lucius* .i. Gratianus Lucius [John Lynch], údar an tsaothair *Cambrensis Eversus, seu potius historica fides in rebus hibernicis Giraldo Cambrensi abrogata* ([St Malo]1662) (ed. Matthew Kelly, i-iii, Dublin 1848); maidir leis an téarma *Insula Sanctorum* mar ainm coitianta ag tagairt d’Éire, feic teideal an leabhair le Lombard (1632) luaite sa nóta thuas (57) (ii), mar shampla.

61 *A Dhé cá fada bheidh an galar so* Tá siolla breise i ndiaidh an dara siolla aiceanta sa mheadaracht anseo (|a ~ ~ ~); is ciúta stíle an mhírialtacht le hionchas comhartha a thabhairt go bhfuil aithris anseo ar thús an véarsa dheireanaigh i ndán Thaidhg Uí Dhuinnín *Is léan leam leagadh etc.* (‘A Dhé na n-abstal fuair peannaid dár bhfíorfhuascladh’, l. 57) (feic an réamhrá ar lch 6). An fheidhm atá leis an véarsa seo ná clabhsúr a chur le háiteamh an dáin, agus tá an cuspóir céanna le hathlua na bhfocal *an galar so* (ó líne 1), mar a bheadh dúnadh de shórt.

63 —(Nóta 63) *Sionán Insi Cathaigh ... agus Séadna* Tagairt atá anseo do dhán fáistine i bhfoirm agallaimh ina luaitear N. Seanán agus N. Séadna in áit a chéile go minic sna lámscríbhinní mar chéile comhrá ag Finnchú nó Colum Cille, tos. *Abair frim, a Shétna* (cf. *RIA Cat.* Index i, 36). Tá trácht sna véarsaí deireanacha de ar an bhfóirithint atá i ndán do mhuintir na hÉireann ó

'mhac rí Saxon' ('Setnan rochan' i gcló ag Nicholas O'Kearney, *The prophecies fo Ss. Columbkille, Maeltamlacht, Ultan, Seadhna, Coireall, Bearcan etc.* (Dublin 1856) 110-17 (114-5)).

65-8 Tá plé déanta ar shubstaint an véarsa ceangail agus ar a shuíomh sa chomhthéacs sa réamhrá ar lch 8.

—Nóta (68) Is féidir a thaispeáint ar bhonn cúinsí a bhaineann leis an traidisiún téacsúil gur dócha gur athchóiriú atá sa leagan faoi leith seo den nóta léirmhínte ar bhunleagan níos giorra de a sholáthraíonn na cóipeanna GD (véarsa agus nóta in easnamh in M) (feic thuas lch. 11). Tá substaint an athleagain ag teacht leis an tuiscint chéanna, mar tá an t-ábhar oibrithe amach ar shlí níos iomláine ann agus an dul cainte níos cliste agus níos deise.

T

Aithd.: *Aithdioghluim dána*. Ed. by Lambert McKenna. 2 vols. ITS. Dublin 1939-40.

Dán Dé: *Dán Dé. The poems of Donnchadh Mór Ó Dálaigh, and the religious poems in the duanaire of the Yellow Book of Lecan*. Dublin [1922].

DIL: *Dictionary of the Irish language*. Royal Irish Academy 1913-76.

Dinn.: *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*, compiled and edited by P. S. Dinneen. Dublin 1927.

DÓB: *Duanaire Dháibhídh Uí Bhruadair. The poems of David Ó Bruadair*. Ed. John C. Mac Erlean. 3 vols. ITS. London 1910-17.

FFÉ: *Foras Feasa ar Éirinn le Séathrún Céitinn, D.D. The history of Ireland by Geoffrey Keating, D.D.* Ed. David Comyn and P. S. Dinneen. 4 vols. ITS. London 1902-14.

FGB: *Foclóir Gaeilge-Béarla*, eag. Niall Ó Dónaill, Baile Átha Cliath, 1977.

LMuimh: *An Leabhar Muimhneach*, eag. Tadhg Ó Donnchadha (Baile Átha Cliath [1940]).

RIA Cat.: *Catalogue of Irish manuscripts in the Royal Irish Academy*. 1926-70. Dublin.

TD: *The bardic poems of Tadhg Dall Ó Huiginn (1550-1591)*. Ed. Eleanor Knott. 2 vols. ITS. London 1922-6.

P' A. B

Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath